

JACK. AN CRANN.

Crann a bhíodh ag innseacht do dhaoine céard a dheanfaidís, deireadh siad urnaidhthe don Naobh a mbíodh an crann ainmnightha dó agus déarfadh an crann leob ceard a dhéanfaidís.

Bhí crann ainmnightha do Mac Duach, Crann Mhic Duach agus daoine dá leigheas ag an gcrann. Bhí fear a raibh dúil i saidhbhreas aige. Ghearr sé sliseog de sheanbhád agus chuaigh sé dhá ndíol a rádh go mba sliseogaí de Chrann Mhic Duach iad.

Tháinig sé ag an bhfear seo a raibh an t-ábhirseoir ina bholg. Cheannuighe an fear na sliseogaí uaidh a ghearr an ceannuidhe de shean-bhád. Chuir sé a mhuinghin as Dia agus as Mac Duach. Dubhairt sé urnoighthe dóibh. Chuir sé na slisrogaí adhmuid síos i soitheach agus chuir sé uisge timcheall orthab. Ar an bpointe boise is d'ól sé deoch den uisge d'fhág an sean – bhuachaill a bholg

“Cé’n cás dom tada do mo dhíbirt, adeir an t-áibhiseoir nuair a bhí sé díbearta, ach crámha an tseanbháid.”

An té a chuir a mhuinghnín as Dia agus as Mac Duach rinne sé go maith. Bhíodh daoine ag iarraidh cramha Mhic Duach fadó agus daoine dá ndíol. Séard a bhíodh ionnta crámha de chrann a bhí ainmnighthe do Mhac Duach. Tá muighin mór aca as Mac Duach.

D’innis Micil sgéal faoi Mhac Duach do Pheadar Ó Concheannainn.

Sgáth; Ar sgath an méid a bhí uirthi.

Ómós; Rud ar bith is ar dhuine, rud ar bith is dlichte.

Glearadh Buailte; Torann tréan.

Chomhnuigheadar; Stad siad.

